



An
Bord
Pleanála

Clár Oibre le haghaidh Éisteachta ó Bhéal ABP-303394-18

Cás	OCÉ maidir le huasghrádú chóras cóireála séarachas Dhroichead an Chláir.
Dáta	9 Aibreán 2019
Am Tosaithe	10:00am
Áit	Treacy's West County Hotel, Inis, Co. an Chláir

Ina aighneacht le linn na héisteachta, iarrtar ar Uisce Éireann dul i ngleic leis na ceisteanna seo a leanas:

- Achoimre ar riachtanas príomhphíobáin aníos.
- Measúnú mionsonraithe ar na roghanna eile.
- Cur síos mionsonraithe ar oibreacha a chuirfeadh an OCÉ i bhfeidhm.
- Freagraí ar cheisteanna a ardaítear sna hagóidí.

Clár Oibre

Lá 1 – 9 th Aibreán	
Am	Topaic
	<ul style="list-style-type: none">• Tús na héisteachta ó bhéal
	<ul style="list-style-type: none">• Cur i láthair an cháis ag Uisce Éireann
	<ul style="list-style-type: none">• Ceistiú ar Uisce Éireann ag na hagóideoirí, más gá
	<ul style="list-style-type: none">• Cur i láthair an cháis ag na hagóideoirí
	<ul style="list-style-type: none">• Ceistiú ar an gcás ag Uisce Éireann, más gá

Lá 1 – 9 th Aibreán	
Am	Topaic
Sos	
	<ul style="list-style-type: none"> • Ceisteanna an Chigire
	<ul style="list-style-type: none"> • Ráitis scoir san ord seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> ○ Agóideoirí ○ Uisce Éireann • Dúnadh na héisteachta

Nótaí

- Is í cúis na héisteachta ó bhéal ná deis a thabhairt do gach páirtí, dóibh siúd atá ag iarraidh, tuilleadh aighneachtaí a dhéanamh seachas iad a rinneadh cheana féin agus chun deis a thabhairt don chigire tuilleadh eolais nó soiléiriú a fháil ar aon cheist a chuirtear chun tosaigh. Beidh deis ag na rannpháirtithe chomh maith ceisteanna a chur nó soiléiriú a lorg ar aighneachtaí a dhéanfar ag an éisteacht.
- Níl aon dualgas ar rannpháirtí aighneacht a dhéanamh ag an éisteacht nó ceist a chur ar na rannpháirtithe eile. Cuirfear faoi bhráid an Chigire agus faoi bhráid an Bhoird gach aighneacht a rinneadh cheana féin. Dá bhrí sin ní gá athrá a dhéanamh ag an éisteacht ar aighneachtaí a rinneadh cheana féin.
- Níl aon ról ná dlínse ag an mBord chun cúiteamh a chinneadh ná a mheas agus ba chóir go gcuirfí é sin san áireamh in aon aighneacht chuig an éisteacht de bhrí nach gcuirfear am ar fáil d'aon phlé mar gheall ar chúiteamh.
- Ag deireadh na héisteachta ó bhéal, ullmhóidh an Cigire tuarascáil agus moladh ar an gcás don Bhoird. Is é an Bord a chinnfidh cibé an ndeimhneofar an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh nó an gcuirfear ar neamhní é.
- Má dhéanfaidh an Bord cinneadh, féadfaidh an Bord ordú a dhéanamh go n-íocfaidh an t-údarás éadála ranníocaíocht i leith chostais aon duine a thagann

go dtí an éisteacht ó bhéal, a thabhaigh an duine sin as bheith i láthair ag an éisteacht. Faoi lánrogha an Bhoird a dhéanfar aon íocaíocht.

- Má tá sé ar intinn agat cóipeanna scríofa d'aighneachtaí a chur ar fáil, ní ghlacfar leo ach má tá cóip do gach pháirtí atá i láthair ag an éisteacht. Caithfear dhá chóip a chur ar fáil do chomhad an Bhoird.
- Clár oibre agus clár ama tascach amháin atá tugtha thuas, agus is féidir go n-athróidh siad le linn na héisteachta.
- Le bhur dtoil, déan teagmháil linn chomh luath agus is féidir má tá riachtanais so-rochtaineachta agatsa nó ag duine ar bith i do ghrúpa ionas gur féidir linn cabhrú leat freastal ar an éisteacht ó bhéal seo. Tóg faoi deara le do thoil nach féidir cloí le hiarratais i gcónaí maidir le hócáid áirithe a dhéantar i ndiaidh an spriocdháta mar gheall ar thréimhse ghearr ama chun an t-iarratas a shocrú.